**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0144/2024**

22.3.2024

*******

# MOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, don tréimhse 2021 go 2027
(13936/2023 – C9-0462/2023 – 2023/0334(NLE))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Paulo Rangel

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ......................................................................................................6

IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR .9

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ....................................................................10

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH ..11

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, don tréimhse 2021 go 2027 (13936/2023 – C9-0462/2023 – 2023/0334(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (13936/2023),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, don tréimhse 2021 go 2027 (13935/2023)[1],

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 77(2), le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), agus le hAirteagal 218(7), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0462/2023),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0144/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phrionsacht Lichtinstéin.

[1] IO L, 2024/200, 04.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/200/oj

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

### a. Cúlra

Glacadh Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí don tréimhse 2021-2027 (Rialachán IBTV) an 7 Iúil 2021.

Is é is cuspóir do Rialachán IBTV tacaíocht maoiniúcháin a sholáthar do na Stáit (Ballstáit) sin a chuireann forálacha acquis Schengen maidir le teorainneacha seachtracha i bhfeidhm. Is forbairt é ar acquis Schengen a bhfuil na tíortha atá comhlachaithe le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt a thuilleadh rannpháirteach ann ('tíortha atá comhlachaithe le Schengen' nó 'tíortha comhlachaithe').

An 18 Lúnasa 2021, thug Prionsacht Lichtinstéin fógra faoina cinneadh glacadh le hábhar Rialachán IBTV agus é a chur chun feidhme ina dlíchóras inmheánach.

Foráiltear le mír 6 d'Airteagal 7 de Rialachán IBTV gur cheart 'socruithe' a dhéanamh chun sonrú a dhéanamh maidir le cineál agus modhanna rannpháirtíochta na dtíortha atá comhlachaithe le acquis Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt in IBTV, i gcomhréir le forálacha ábhartha na gcomhaontuithe comhlachais faoi seach. Is i bhfoirm comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas le tíortha atá comhlachaithe le Schengen i gcomhréir le hAirteagal 216 CFAE atá na socruithe sin.

An 21 Feabhra 2022, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht[1] leis an Íoslainn, le Ríocht na hIorua, le Cónaidhm na hEilvéise agus le Prionsacht Lichtinstéin i ndáil leis na socruithe maidir le ranníocaíochtaí airgeadais na dtíortha sin agus leis na rialacha forlíontacha is gá chun go mbeidh siad rannpháirteach san Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí don tréimhse 2021 go 2027, lena n-áirítear forálacha lena n-áirithítear cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus cumhachtaí iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí, atá le tabhairt i gcrích de bhun Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2]. Tugadh an chaibidlíocht le Prionsacht Lichtinstéin i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an gComhaontú an 16 Meitheamh 2023.

An 29 Meán Fómhair 2023 thíolaic an Coimisiún togra don Chomhairle le haghaidh Cinneadh

---

[1] Cinneadh (AE) 2022/442 ón gComhairle an 21 Feabhra 2022 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Íoslainn, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin d'fhonn Comhaontuithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus na tíortha sin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (IO L 90, 18.3.2022, lch. 116).

[2] Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 251, 15.7.2021, lch. 48).

ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha.

An 13 Samhain 2023, ghlac an Chomhairle cinneadh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha don tréimhse 2021 go 2027. Síníodh an Comhaontú an 28 Samhain 2023 sa Bhruiséil.

An 4 Nollaig 2023, d'iarr an Chomhairle ar Pharlaimint na hEorpa a toiliú a thabhairt don dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe thuasluaite.

**b. Seasamh an Rapóirtéara**

Is ionstraim shonrach í an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, i gcomhthéacs acquis Schengen a ceapadh chun bainistiú láidir agus éifeachtach comhtháite teorainneacha san Eoraip ag teorainneacha seachtracha a áirithiú, agus saorghluaiseacht daoine á coimiriciú san am céanna, i gcomhréir iomlán le gealltanais na mBallstát agus na dtíortha comhlachaithe maidir le cearta bunúsacha, agus chun tacú le cur chun feidhme aonfhoirmeach an chomhbheartais víosaí, agus ar an gcaoi sin, rannchuidiú le hardleibhéal slándála a ráthú sna Ballstáit agus sna tíortha comhlachaithe agus feidhmiú foriomlán limistéar Schengen a neartú.

Aontaíonn an Rapóirtéir go dtugann IBTV an deis chun gníomhaíochtaí maidir le bainistíocht chomhroinnte agus modhanna bainistíochta díreacha agus indíreacha a chur chun feidhme, agus leis an gComhaontú seo, ba cheart go n-áiritheofaí go ndéanfar an cur chun feidhme in aon cheann de na modhanna sin i bPrionsacht Lichtinstéin i gcomhréir le prionsabail agus rialacha an Aontais maidir le bainistiú agus rialú airgeadais.

Measann an Rapóirtéir chomh maith, i bhfianaise nádúr sonrach acquis Schengen agus a thábhachtaí atá sé é a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach ar mhaithe le sláine limistéar Schengen, gur cheart go mbeadh feidhm i bPrionsacht Lichtinstéin ag na rialacha uile is infheidhme maidir leis na cláir a bhainistiú ar an mbealach céanna agus a bheadh feidhm acu sna Ballstáit.

Measann an Rapóirtéir go bhfuil sé ríthábhachtach comhaontuithe foirmiúla atá ceangailteach ó thaobh dlí a thabhairt i gcrích faoi chuimsiú an chomhair le tíortha comhlachaithe, seachas cineál eile de shocruithe, chun trédhearcacht, grinnscrúdú poiblí agus maoirseacht dhaonlathach a áirithiú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin maidir le húsáid bhuiséad an Aontais.

Ba cheart forálacha sonracha eile a chomhlíonadh tuilleadh. De bhua chomhaontuithe comhlachais Schengen, ní mór do Phrionsacht Lichtinstéin na bearta Aontais a ghlacadh go hiomlán, lena n-áirítear Rialachán IBTV, lena bhforbraítear nó lena gcuirtear le acquis Schengen, agus na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na forálacha is

ábhartha maidir le bainistiú agus rialú airgeadais a leagtar síos sa CFAE agus i ndlí an Aontais a fhaigheann a bhunús dlí ó CFAE.

Tugann na comhaontuithe sásraí sonracha isteach freisin chun coigeartuithe tapa a dhéanamh ar an gcomhaontú le Prionsacht Lichtinstéin, i gcás athruithe ar phríomhreachtaíocht an Aontais atá ábhartha don chur chun feidhme, amhail an Rialachán Airgeadais agus Rialachán na bhForálacha Coiteanna. Áirithítear leis an gcomhaontú, chomh maith, go gcuirfear san áireamh san athbhreithniú meántéarma ar IBTV rannpháirtíocht mhoillithe na dtíortha atá comhlachaithe le Schengen.

Ina theannta sin, maidir le rialuithe buiséadacha agus airgeadais, tá na Ballstáit faoi réir oibleagáidí cothrománacha (e.g. inniúlacht na Cúirte Iniúchóirí, inniúlacht na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF), inniúlacht OIPE agus inniúlacht an Choimisiúin), bíodh siad díorthaithe go díreach ón gConradh nó ó reachtaíocht thánaisteach an Aontais, lena n-áirítear Rialachán na bhForálacha Coiteanna mar a luaitear thuas. Tá feidhm ag na hoibleagáidí sin maidir leis na Ballstáit ipso facto agus dá bhrí sin níl siad leagtha síos i Rialachán IBTV. Dá bhrí sin, ní mór na hoibleagáidí sin a leathnú chuig Prionsacht Lichtinstéin tríd an gComhaontú lena mbaineann.

Ar deireadh, tá foráil sa chomhaontú freisin maidir leis an gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS).

Mar fhocal scoir, measann an Rapóirtéir gurb iomchuí Comhaontú a bhunú ina leagtar amach na rialacha forlíontacha is gá do rannpháirtíocht Phrionsacht Lichtinstéin san Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (‘IBTV’) mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha don chlárthréimhse 2021 go 2027 i gcomhréir le hAirteagal 7(6) de Rialachán (AE) 2021/1148 (‘Rialachán IBTV’).

I bhfianaise a bhfuil thuasluaite, molann an rapóirtéir go dtabharfadh an Pharlaimint a toiliú don dréachtchinneadh ón gComhairle agus tugann sí treoir dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

## IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

# AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha |
| **Tagairtí** | 13936/2023 – C9-0462/2023 – 2023/0334(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin nó na hiarrata ar thoiliú** | 4.12.2023 |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>15.1.2024 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET BUDG<br>15.1.2024 15.1.2024 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | AFET BUDG<br>28.11.2023 24.10.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Paulo Rangel<br>22.1.2024 |
| **Pléite sa choiste** | 4.3.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 19.3.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 43<br>–: 3<br>0: 7 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Malik Azmani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Malin Björk, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Annika Bruna, Patricia Chagnon, Anna Júlia Donáth, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cornelia Ernst, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Lukas Mandl, Erik Marquardt, Javier Moreno Sánchez, Emil Radev, Paulo Rangel, Isabel Santos, Birgit Sippel, Tineke Strik, Milan Uhrík, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Susanna Ceccardi, Gwendoline Delbos-Corfield, Daniel Freund, José Gusmão, Matjaž Nemec, Jan-Christoph Oetjen, Philippe Olivier |
| **Na comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7)) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pablo Arias Echeverría, Gabriele Bischoff, Gilles Boyer, Carlos Coelho, Rosa D'Amato, Radan Kanev, Antonius Manders, Gabriel Mato, Henk Jan Ormel, Dennis Radtke, Antonio Maria Rinaldi |
| **Dáta don chur síos** | 22.3.2024 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 43 | + |
|---|---|
| ECR | Assita Kanko |
| ID | Annika Bruna, Susanna Ceccardi, Patricia Chagnon, Philippe Olivier, Antonio Maria Rinaldi |
| PPE | Magdalena Adamowicz, Pablo Arias Echeverría, Karolin Braunsberger-Reinhold, Carlos Coelho, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Radan Kanev, Jeroen Lenaers, Antonius Manders, Lukas Mandl, Gabriel Mato, Henk Jan Ormel, Emil Radev, Dennis Radtke, Paulo Rangel, Javier Zarzalejos |
| Renew | Malik Azmani, Gilles Boyer, Anna Júlia Donáth, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Jan-Christoph Oetjen |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Gabriele Bischoff, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemec, Isabel Santos, Birgit Sippel, Elena Yoncheva |

| 3 | - |
|---|---|
| The Left | Malin Björk, Cornelia Ernst, José Gusmão |

| 7 | 0 |
|---|---|
| NI | Milan Uhrík |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Rosa D'Amato, Gwendoline Delbos-Corfield, Daniel Freund, Erik Marquardt, Tineke Strik |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh